Irish translation of:
Teenage immunisations for ages 14 to 18.

Imdhíonta fá choinne déagóirí
in aois 14 go 18

Brollach

Is fá choinne déagóirí eadar 14 is 18 is a gcuid tuismitheoirí atá an treoir seo. Míníonn sí:

- fá dtaobh de na himdhíontaí a thugtar do dhéagóirí, de ghnáth nuair a bhíonn siad ar scoil go fóill;
- cad chuige a mbíonn feidhm ar na himdhíontaí seo;
- cad iad na fo-iarsmaí a thiocfadh a bheith acu.

Tig an treoir freagra fosta ar chuid de na ceisteanna is coitianta fá dtaobh de na himdhíontaí seo.

Má tá ceisteanna ar bith agat nó má tá breis eolais de dhíobháil ort, labhair le d'altra scoile nó leis an dochtúir nó leis an altra ag d'ionad dochtúireachta áitiúil. Tig leat tadhall ar www.immunisation.nhs.uk nó www.dhsspsni.gov.uk/immunisation fosta.

Cad chuige a mbíonn feidhm againn ar imdhíonadh?

Fágann an clár náisiúnta imdhíonta go bhfuil galair chontúirteacha dálta teiteanais, diftéire is polaimiaiítis ionann is a bheith imithe as an RA. Ach thiocfadh leis na galair seo pilleadh – is ann thart fán Eoraip is ar fud na cruinne díofa go fóill. Is é sin is siocair go bhfuil sé chomh tábhachtach duit tú féin a chosaint. Sa RA, coinnítear an mhórchuid de na galair se ar shiúl fríd rátaí arda imdhíonta.

Goidé mar a bhíonn imdhíonadh ag obair?

I vacsaíní tá mír bheag den bhaictéar nó den víreas a bhíonn ag tarraingt galair nó méid beag bídeach den cheimic a bhíonn an baictéar ag déanamh. Oibríonn vacsaíní fríd chóras imdhíonachta na colainne a spreagadh chun antasubstaint (substaint chun troid a chur ar ionfhabhtuithe is ar ghalair) a dhéanamh. Mar sin, má bhaineann tú leis an ionfhabhtú, aithneoidh an anasubstaint á agus ní sí tú a chosaint.

Vacaín Td/IPV

Treisíonn Td/IPV, a thugtar in aon instealladh amháin, leis an chosaint a fuair tú mar pháiste in éadan teiteanais, diftéire is polaimiailítis.

Cad iad na galair a choisceoidh Td/IPV?

Teiteanas

Is galar pianmhar é teiteanas a ghabhann i gcion ar na matáin agus atá i ndán fadhbanna análaithe a tharraingt. Tarlaíonn sé nuair a ghabhann ginidíní a fhaightear san ithir agus in aoileach isteach don cholainn fríd ghearrthacha foscailte nó dhónna. Gabhann an teiteanas i gcion ar an néarachas agus tig leis marú. Ní féidir í a chur ar aghaidhe ó dhuine go duine.

Diftéire

Is galar tromchúiseach é diftéire a thoisíonn de ghnáth le sceadamán tinn agus tig léi borradh go gasta agus fadhbanna leis an análú a tharraingt. Tig léi an croí is an néarchóras a mhilleadh agus, i gcásanna tromchúiseacha, tig léi marú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan diftéire, bhí oiread is 1,500 de chásanna den diftéir achan bhliain i dTuaisceart Éireann.

Polaimiailíteas

Is víreas é polaimiailíteas a ionsaíonn an néarchóras agus atá i ndán pairilis bhuan a thabhairt ar na matáin. Má imríonn sé rian ar mhatáin an chliabhraigh nó na hinchinne, tig le polaimiailíteas marú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan polaimiailítis, tharla oiread is 1,500 de chásanna den pholaimiailíteas pairiliseach achan bhliain i dTuaisceart Éireann.

Ceisteanna coitianta

Más rud é go bhfuair mé imdhíonadh in éadan teaiteanais, diftéire is polaimiailítis i mo pháiste dom, an bhfuil mé cosanta go fóill?

Thiocfadh go mbeidh beagán cosanta agat go fóill. Ach caithfidh tú é seo a threisiú chun do chuid imdhíontaí gnáthaimh a chur i gcrích agus cosaint san fhadtéarma a thabhairt duit.

Cá lion de theanndáileoga a bheidh de dhíobháil orm?

Beidh iomlán de chúig dáileoga de vacsaíní teiteanais, diftéire is polaimiailítis de dhíobháil ort le do chuid imdhíonachta a neartú is a choinneáil. Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas agat:

- an chéad trí dáileoga i do leanbán;
- an ceathrú dáileog nuair a bhí tú eadar trí is cúig bhliain d’aois, sular thoisigh tú ar scoil;

- an cúigiú dáileog anois.

De ghnáth ní bheidh feidhm agat ar níos mó ná cúig dáileoga de vacsaíní teiteanais, diftéire ná polaimiailítis i rith do bheatha ach thiocfadh go mbeadh feidhm agat ar dháileoga breise de na vacsaíní más rud é go mbíonn tú ar cuairt i dtíortha áirithe. Seiceáil le d'altra ag d'ionad dochtúireachta.

Má shíleann tú go dtiocfadh gur chaill tú cionn ar bith de do dháileoga, labhair le haltra na scoile nó le do dhochtúir.

Goidé mar a thugtar teanndáileog Td/IPV domh?

Beidh instealladh amháin i mbacán na láimhe agat. Ní thaitníonn instealltaí le duine ar bith ach bíonn sé iontach gasta. Tá an tsnáthaid as a mbaintear feidhm beag agus níor cheart go n-aireofá ach clipeadh beag bídeach. Má bhíonn rud beag de sceitimíní ort fá dtaobh de instealladh a bheith agat, cuir in iúl don altra nó don dochtúir sula nglacann tú é.

An bhfuil ábhair ar bith ann gan imdhíonadh a thabhairt domh?

Tá beagán ábhar ann gan imdhíonadh a thabhairt duit. Ba cheart duit cur in iúl do do dhochtúir teaghlaigh nó do d'altra más rud é:

- go bhfuil teocht iontach ard nó fiabhras ort;
- gur chuir trithí nó taomanna ort;
- go raibh frithghníomh dona agat in éadan imdhíonta ar bith;
- go raibh ailléirge ghéar in éadan ní ar bith agat; go raibh neamhord fuilithe agat;
- go raibh cóireáil fá choinne ailse agat;
- go raibh tinneas ar bith ort a imríonn rian ar an chóras imdhíonachta (m.s leoicéime, VEID nó SEIF);
- go nglacann tú míochaine ar bith a imríonn rian ar an chóras imdhíonachta (m.e dáileog ard de stearóidí no cóireáil a thugtar i ndéidh trasphlanduithe orgán nó fá dtaobh d'ailse);
- go bhfuil tú ag giúlán;
- go raibh tinneas tromchúiseach ar bith eile ort.

Ní fhágann said seo i dtólamh nach féidir do pháiste a imdhíonadh ach cuidíonn sé má bheartaíonn do dhochtúir nó d'altra cad iad na h-imdhíontaí is fearr duit

agus an mbeidh feidhm acu ar comhairle ar bith eile a thabhairt duit. Ní hábhar é riamh tinneas a bheith sa teaghlach gan imdhíonadh a fháil.

An bhfuil fo-iarsmaí ar bith ann?

Is rud coitianta é rud beag d'at is de dheirge teacht ort san áit ina mbíonn an t-instealladh agat. Uaireanta bíonn cnap beag nach bhfuil pian ag nochtadh ach de ghnáth imíonn sé seo as i ndéidh beagán seachtainí. Is annamh iarsmaí níos géire ach áirítear leofa fiabhras, tinneas cinn, meadhrán, ag aireachtáil breoite agus faireoga borracha.

Má airíonn tú tinn i ndéidh an imdhíonta, tig leat paraicéiteamól nó iubúpróiféin a ghlacadh. Léigh an treoir ar an bhuidéal go faichilleach agus glac an dáileog cheart don aois ina bhfuil tú. Más gá, glac dara dáileog ceithre nó sé uaire níos moille. Más rud é go bhfuil do theocht ard go fóill i ndéidh an dara dáileog a ghlacadh, labhair le do dhochtúir.

Cuimhnigh, má tá tú fá bhun 16, níor cheart duit míochaine ina bhfuil aspairín a ghlacadh.

Ba cheart duit cur in iúl do do dhochtúir más rud go mbíonn fadhb ar bith ag cur ort a d'fhéadfadh a bheith nasctha le d'imdhíonadh.

An é seo an t-aon imdhíonadh amháin atá de dhíobháil orm anois?

Más cailín thú, ba cheart go mbeadh vacsaín sineánómaivíris dhaonna (HPV) agat in aois 12 go 13 bhliain (scoilbhliain 9) chun tú a chosaint in éadan ailse ceirbheacsaí lá níos faide anonn. Chun é seo a dhéanamh, bíonn trí instealladh i gceist thar thréimhse thart fá shé mhí. Tá feachtas breith suas ann agus déanfar an vacsaín a thairiscint d’achan chailín atá os cionn bliain 9 go haois 18 i láthair na huaire fá 2011. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach www.helpprotectyourself.info

Nuair a bheidh do theanndáileog Td/IPV á glacadh agat, is maith an smaoineamh é seiceáil le d’altra nó le do dhochtúir go bhfuil achan chionn eile de do chuid imdhíontaí, m.s MenC is MMR suas go dáta.

Vacsaín MMR

Déanann MMR tú a chosaint in éadan bruitíní, leicní is bruitíní deirge

Tá sé thar a bheith tábhachtach seiceáil go bhfuil d’imdhíonadh MMR críochnaithe agat cionn is tá daoine óga ann nach raibh dhá dháileog de MMR acu. Tugadh MMR isteach in 1988 agus dara dáileog in 1996. Mar sin, más rud é gur rugadh roimh 1992 thú, is cosúla nach raibh agat ach dáileog amháin de MMR.

Má shíleann tú go mbaineann sé seo duit féin, ba cheart go ndéanfar an dara dáileog a thairiscint duit san am céanna le do Td/IPV. Más rud é nach dearnadh, cuir ceist ar do dhochtúir teaghlach nó ar d'altra fá dtaobh de.

Más rud é nach raibh vacsaín MMR agat riamh, ba cheart duit dáileog amháin a ghlacadh anois agus cionn eile i gcionn míosa.

Tig le bruitiineach, leicneach is bruitineach dhearg neart aimhréidhe a tharraingt.

- Tig leis an bhruitineach ionfabhtuithe, fadhbanna análaithe is meiningíteas/einceifilíteas (at inchinne) a tharraingt. Tá seans de 1 as 2,500 – 5,000 aige bás a tharraingt.

- Tig leis an leicneach bodhaire a tharraingt, le hathshlánú páirteach nó iomlán ann de ghnáth. Tig leis magairlí borracha, pianmhara a tharraingt i mbuachaillí sna déaga is i bhfir agus athlasadh na n-ubhagán i gcailíní sna déaga is i mná. B'é an chúis ba mhó le meingíteas víreasach i bpáistí í.

- Tig leis an bhruitíneach dhearg athlasadh inchinne a tharraingt fosta agus dul i gcion ar théachtadh fola. I measc ban ag giúlán, tig léi breith anabaí a tharraingt nó mórfhadhbanna sláinte dá gcuid leanbán ar nós daille, bodhaire, fadhbanna croí nó damáiste don inchinn.

An bhfuil ábhair ar bith ann gan imdhíonadh le MMR a thabhairt domh?
Níl ann ach fíorbheagán ábhar ann gan imdhíonadh MMR a thabhairt duit ach ba cheart duit an dochtúir nó altra a chur ar an eolas más rud é go mbíonn cionn ar bith de na riochtaí a luaitear anseo thuas ag cur ort.

An bhfuil fo-iarsmaí ar bith ag MMR?
Is iontach annamh iad fo-iarsmaí i ndéidh MMR. Thart fá sheachtain nó 10 lá i ndéidh duit imdhíonadh MMR a fháil, thiocfadh go n-éireoidh fiabhras ort, go dtig gríos cosúil leis an bhruitíneach ort agus nach mbeidh goile ort de réir mar a thoisíonn an chuid den vacsaín a bhaineann leis an bhruitíneach ag obair. Thiocfadh go dtig crá is pian sna hailt ort fosta.

Thart fá dhá sheachtain i ndéidh duit MMR a fháil, thiocfadh, iontach annamh, go dtig gríos le spotaí cosúil le balbhrú ort de thairbhe na coda den imdhíonadh a bhaineann leis an bhruitíneach dhearg. De ghnáth, éiríonn sé seo níos fearr as a stuaim féin ach má chíonn tú spotaí mar seo, taispeáin do do dhochtúir iad.

Thart fá thrí seachtainí i ndéidh an insteallta, thiocfadh go dtig leicneach éadrom ort ó thráth go chéile de réir mar a ghabhann an chuid den MMR a bhaineann leis an leicneach i gcion.

Tugann comparáidí eadar fo-iarsmaí MMR is fo-iarsmaí bruitíní, leicní nó bruitíní deirge le fios go bhfuil an vacsaín i bhfad níos sábháilte ná na galair. Is iomaí scéal a bhí sna meáin chumarsáide le blianta beaga anuas ag nasc MMR leis an uathachas i leanbáin. Tá lear mór fianaise ann ina dhéidh sin a léiríonn nach bhfuil nasc ar bith ann. Féach an láithreán Gréasáin www.immunisation.nhs.org.uk nó www.dhsspsni.gov.uk/immunisation chun tuilleadh eolais a fháil.

A bheith ar an eolas fá dtaobh de mheiningíteas is sheipticéime

Is éard is meiningíteas ann ná athlasadh ar líneáil na hinchinne. D'fhéadfadh na ginidíní céanna a bhíonn ag tarraingt an mheiningítis seipticéime (nimhiú fola) a tharraingt. Tá meiningíteas is seipticéime iontach tromchúiseach beirt – tig leofa míchumas buan is an bás féin a tharraingt – agus tig leis na comharthaí teacht go gasta, mar sin caithfidh tú cóireáil a fháil láithreach bonn. Más rud é nach bhfuair tú imdhíonadh in éadan meiningíteas C, ba cheart duit é seo a fháil anois. Ní thugann vacsaín MenC cosaint duit ach in éadan cineáil amháin de mheiningíteas is de sheipticéime, mar sin beidh ort na comharthaí is na hairí a aithint fós.

Goidé a bheidh mé a chuardach?

I measc **páistí níos sine**, **déagóirí** agus **daoine i mbun a méid**, áirítear le príomhairí **meiningítis**:

- muinéal righin (seiceáil an tig leofa na glúnta a phógadh nó clár an éadain a theagmháil leis na glúnta);
- tinneas cinn iontach dona (ní hábhar leis féin é seo chun cuidiú leighis a iarraidh);
- gráin ar sholais gheala;
- urlacan;
- fiabhras;
- a bheith codlatach, gan a bheith chomh freagrúil nó ina chíor thuathail;
- gríos.

Agus áirítear le príomhairí **seipticéime**:

- a bheith codlatach, gan a bheith chomh freagrúil, folamh nó i do chíor thuathail (comhartha mall i seipticéime);
- pianta is crá géar sna géaga, sna lámha is sna hailt;

- lámha is cosa iontach fuar;
- crith;
- analú mear;
- baill dhearga nó chorcra nach n-imíonn as fá bhrú (déan tástáil an ghloine a mhínítear thíos);
- urlacan;
- fiabhras;
- an bhuinneach nó crampaí sa ghoile.

Is tábhachtach cuimhneamh nach n-éireoidh na hairí seo uilig d'achan duine. Má thig cuid de na hairí seo ar dhuine, go háirithe baill dhearga nó chorcra, iarr cuidiú leighis **láithreach bonn**. Mura tig leat teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir nó má bhíonn imní ort fós fá dtaobh de comhairle a fháil, tabhair leat an duine go roinn na héigeandála san otharlann is deise duit.

Má dhéantar timbléar gloine a bhrú go daingean in éadan grís sheipticéimigh, ní imeoidh an gríos. Beidh tú ábalta an gríos a fheiceáil fríd an ghloine. Má tharlaíonn sé seo, iarr cuidiú ar dhochtúir láithreach.

Cá háit an bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Cuireann Foras Taighde Meiningítis agus Iontaobhas Meniningítis eolas fá dtaobh de mheiningíteas ar fáil beirt.

Cuir scairt ar líne chabhrach 24 uaire Fhoras Taighde Meiningítis in aisce ar 080 8800 3344 nó tadhaill ar an láithreán Gréasáin ag www.meningitis.org Cuir scairt ar líne chabhrach 24 uaire Iontaobhas Meiningítis in aisce ar 0800 028 1828 nó tadhaill ar an láithreán Gréasáin ag www.meningitis-trust.org

Gnáthchlár imdhíonta le linn aois an pháiste

An t-am le n-imdhíonadh	Na galair a níonn an vacsaín cosaint ina n-éadan	Goidé mar a thugtar é
2 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Ionfhabhtú niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
4 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Meiningíteas C Ionfhabhtu niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin Instealladh amháin
12 mhí d'aois	Hib is meiningíteas C	Instealladh amháin
15 mhí d'aois	Bruitíneach, leicneach is bruitíneach dhearg Ionfhabhtú niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 go 5 mbliain d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch is polaimiailíteas Bruitíneach, leicneach is bruitíneach dhearg	Instealladh amháin Instealladh amháin
Cailíní 12 go 13 bhliain d'aois	Ailse cheirbheacsach arna tarraingt le cineálacha 16 is 18 de shineánómaivíreas daonna	Trí instealladh thar shé mhí
14 go 18 mbliain d'aois	Teiteanas, diftéire is polaimiailíteas	Instealladh amháin

Más rud é gur chaill tú cionn ar bith de na vacsaíní seo, ní bhíonn sé ró-dheireanach breith suas. Seiceáil go háirithe go raibh vacsaín MenC agus dhá dháileog de vacsaín MMR agat. Más rud é nach raibh do chuid vacsaíní uilig

atat, nó mura bhfuil tú cinnte, labhair le dochtúir an teaghlaigh nó le haltra na scoile.

Má bhíonn breis eolais fá dtaobh d'imdhíonadh de dhíobháil ort, tadhaill ar láithreán Gréasáin na Roinne www.dhsspsni.gov.uk/immunisation nó ar an láithreán Gréasáin náisiúnta fá dtaobh d'imdhíonadh www.immunisation.nhs.uk nó fá choinne eolais fá dtaobh de HPV, tadhaill ar www.helpprotectyourself.info

Produced by the **Public Health Agency** on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

02/10